

Forbairt mhór ag Scoil Sailearna

Bhí forbairt mhór le déanamh ag Scoil Sailearna sa mbliain 1999 agus tar éis a leithéid a bheith ceadaithe ag an Roinn Oideachais, cheap Bord Bainistíochta na Scoile ailtire (Douglas & Wallace) le pleananna agus léaráidí a réiteach don fhorbairt sé bliana ó shin. Bheadh €2m de chostas ar an obair agus nuair a cuireadh na moltaí uilig ag aghaidh chuig an Roinn Oideachais glacadh i bprionsabal leo. Ar 23 Eanáir, 2003, d'fhoilsigh an Roinn liosta de na scoileanna uilig sa tír a bhí le forbairt agus bhí Scoil Sailearna sa gcúigiú háit i gCo. na Gaillimhe sa liosta príorachtaí sin. Cuireadh moill ar an obair mar gheall ar ghanntanas airgid sa Roinn. Gheall an Roinn, san earrach 2005, go mbreathnódh siad arís ar chás Sailearna agus tá súil againn nach mbeidh sé curtha ar an méir fhada arís agus scoileanna eile brúite roimhe mar a tharla cheana.

Socraíodh cheana go mbeadh an fhorbairt déanta ina thrí chéim de réir leagan amach na n-ailtirí agus aontaithe ag an Roinn mar a leanas:-

1. Bóithrín a dhéanamh ón mbóthar mór go talamh na deoise ó thuaidh den scoil, an dá Phortacabin a athrú ón suíomh ina bhfuil siad go dtí an áit ó thuaidh, carrchlós a réiteach ó thuaidh den scoil ar mhaithe le sábháilteacht na ngasúr ar an mbóthar mór, áit spraoi a réiteach do na gasúir ar dhromchla tarmacadam ar an láthair sin agus páirc imeartha féarach a réiteach ó thuaidh ar thalamh na deoise. Bhí €100,000 geallta ag an Roinn Oideachais agus tuilleadh ó Roinn na Gaeltachta d'fhorbairt an bhóthair agus an charrchlóis ach cead pleanála a bheith faighte ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe don obair. Do réir rialacha na Comhairle Contae bheadh radharc soiléir

150m soir siar ó cheann an bhóithrín ag an bpríomhbhóthar i gceist chuige sin agus mar mhullach ar an mí-ádh sin dúradh nach mbeadh an Chomhairle Contae sásta oiread is pingin rua a chaitheamh ar leathnú an bhóthair mhóir. Bhí siad ag iarraidh cúram agus costas na hoibre sin a leagan ar choiste deonach na scoile agus ar thuismitheoirí na ngasúr. Mar gheall ar sheasamh tuatach sin na Comhairle Contae níl an scoil i dteideal airgead na Roinne a tharraingt agus cás sábháilteacht na ngasúr scoile a réiteach. Is bocht an scéal é ach níl faighte ag Bord Bainistíochta na scoile ach an chluas bhodhar agus mar bharr ar an tubaist ní féidir leis an scoil dul ar aghaidh le Céim 2 agus 3 den obair.

2. Bhí sé i gceist i gCéim 2 den obair go gcuirfí méadú ar an dá sheomra ranga nua sa scoil mar

aon le dhá sheomra ranga nua as an bpíosa agus leithris a thógáil taobh thiar de halla na scoile.

3. Mar chéim 3 den fhorbairt, bhí trí cinn de sheomraí ranga nua agus leabharlann le tógáil taobh thoir de halla na scoile. Bhí sé i gceist chomh maith go mbeadh stáitse tógtha ó thuaidh de halla na scoile agus ó thuaidh uaidh sin arís go dtógfaí seomra teiripe teanga, seomra don mhúinteoir Feabhais/Tacaíochta, seomra do chruinnithe na dtuismitheoirí agus seomra mór do na múinteoirí. Bhí sé sa bplean chomh maith go mbeadh dorchla (*corridor*) déanta idir na seomraí nua uilig agus halla na scoile – bealach le siúl ag na seomraí ranga uilig taobh istigh den fhoirgneamh féin. Tá léaráid daite crochta i seomra an phríomhoide a shoiléiríonn an cinneadh atá tógtha cheana féin ag Bord na Scoile agus ar aontaigh an Roinn Oideachais leis.

Is bocht an scéal é nach bhfuil oiread is spreab bainte fós ar an suíomh cé go bhfuil €40,000 íoctha cheana féin leis na hailtirí. Ní féidir le Bord Bainistíochta na Scoile aon dul chun cinn a dhéanamh sa gcás seo go mbeadh an bóthar mór leathnaithe ag an gComhairle Contae taobh amuigh den scoil agus radharc soiléir 150m soir siar ag ceann an bhóithrín tugtha do ghluaisteáin ag filleadh amach ar an mbóthar. Go mbeidh an cás sin réitithe beidh sábháilteacht na ngasúr i mbaol agus mar gheall ar bhac an Chomhairle Contae beidh an fhorbairt mhór sa scoil coinnithe siar. B'shin é mar a sheasann cás na scoile faoi láthair.

An tAth. Micheál Ó Flannabhra